

Comhairle Chontae na Mí

Meath County Council

STAID CEAPTHA BAILE NA HUAIMHE

FODHLÍTHE TACSAITHE 2021

Meath County Council, Buvinda House, Dublin Road, Navan, County Meath, C15 Y291

Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Átha Cliath, An Uaimh, Contae na Mí, C15 Y291

Leis seo, déanann Comhairle Contae na Mí (arna tugfar “an Chomhairle” ina dhiaidh seo), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe dóibh le halt 25 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013), agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Choimisinéir an Gharda Síochána, na Fodhlíthe seo a leanas maidir leis an limistéar atá comhdhéanta de bhaile na hUaimhe.

Sliocht 1. Féadfar Fodhlíthe 2021 um Tacsaithe i mBaile na hUaimhe a thabhairt do na Fodhlíthe seo.

Limistéar feidhme 2. Baineann na fodhlíthe seo leis an gceantar a chuimsíonn Ceantar Bardasach na hUaimhe, Contae na Mí.

Cúlghairmeacha 3. Cúlghairtear Fodhlíthe Staid Ceaptha na hUaimhe (Feithiclí Seirbhíse Sráide) 2003 ó dháta theacht i bhfeidhm na bhFodhlíthe seo ar aghaidh.

Dáta tosaithe 4. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm agus in éifeacht ar an **13/10/2021**.

Sainmhíniú 5. Tuigfear “Seastán Ceaptha” mar thagairt do na háiteanna ceaptha ag a bhféadfaidh feithiclí seirbhíse sráide seasamh ar fruiliú, leis an bhrí a shanntar dó le halt 2 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013.

Ciallaíonn “Ordú Feidhmiúcháin” Ordú sínithe ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí nó ag aon Oifigeach tarmiligthe eile, mar a mhínítear faoi Alt 151 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) é.

Déanfar tagairt do cheann stad tacsáí ceaptha a fhorléiriú mar thagairt don fhoirceann sin den áit staid tacsáí óna meastar teorainneacha an áit staid tacsáí cheaptha i gcolún (3) den Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Tuigfear gur tagairt í “Ordú tacsaithe ag Stad Ceaptha” d'ord na bhfeithiclí arna ríomh ó cheann an Staid Ceaptha suas go dtí cúl an Staid Ceaptha.

Déanfar tagairt do chúl stad tacsáí ceaptha a fhorléiriú mar thagairt don fhoirceann sin den áit staid tacsáí óna meastar teorainneacha an áit staid tacsáí cheaptha i gcolún (3) den Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Tuigfear “bóthar” mar an gcuid sin de bhóthar atá ann le haghaidh úsáid feithiclí go príomha.

Tagraíonn “Sceideal” do cheachtar, nó don dá, den dá Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Ciallaíonn “feithicil bheag seirbhíse poiblí” feithicil seirbhíse poiblí nach mórfheithicil seirbhíse poiblí de réir bhrí Alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (arna leasú).

Ciallaíonn “Sráid” bóthar poiblí de réir bhrí Alt 2 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú).

Tuigfear gur beagfheithicil seirbhíse poiblí é aon “feithicil seirbhíse sráide” a thairgeann a tiománaí ar bhóthar poiblí é féin agus an fheithicil lena fruiliú agus a sheasann nó a thiomáineann an fheithicil ar bhóthar poiblí chun na críche sin.

Tuigfear “feithicil seirbhíse sráide” mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí nuair a chuireann tiománaí é féin agus an fheithicil ar cíós ar bhóthar poiblí agus nuair a sheasann nó a thiomáineantear an fheithicil ar bhóthar poiblí chun na críche sin.

Tá le “tacsáí” an bhrí a thugtar dó le hAlt 2 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013.

Ceapúchán staid ceaptha 6. Faoi réir na bhFodhlíthe seo, beidh gach suíomh a shainaithnítear i gcolún 2 den Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, gach cuid den tsráid a thuairiscítear i gcolún 3 den Sceideal os coinne an lua i gcolún 2 den láthair ina Seastán Ceaptha ar fáil d’úsáid gan teorainn maidir le ham nó ócáid úsáide.

Suíomh na bhfeithicilí ag staid ceaptha 7. (1) Déanfar gach tacsáí a bheidh ar cíós ag Stad Ceaptha a chur:

(a) laistigh de theorainneacha an Staid Cheaptha mar a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal é;

(b) sa suíomh a shonraítear i gcolún (5) den Sceideal os coinne lua an Staid Cheaptha i gColún (3) den Sceideal; agus

(c) i gcás nach bhfuil tacsáí ar bith cheana féin ag an Seastán Ceaptha, ag ceann an Staid Cheaptha, nó in aon chás eile, in ord agus chomh gar agus is indéanta do thacsáí ag an Stad Ceaptha.

(d) nach mó ná 45 ceintiméadar ón gcolbha.

Uasmhéid na dtacsaithe ag Stad Ceaptha 8. (1) Ní rachaidh an líon tacsaithe a bheidh ar fruiliú ag an Stad Ceaptha a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal thar an uimhir a shonraítear i gcolún (4) den Sceideal ag an Uimhir Thagartha sin.

(2) Maidir leis na seastáin tacsáí am-chláráithe; ní sheasfaidh aon tacsáí ag na Stadanna Ceaptha a shonraítear i gcolún (3) de Sceideal 2: Stadanna Cheaptha Am-chláráithe, lasmuigh de na hamanna gaolmhara chun úsáid Tacsaithe ag an láthair sin, mar a shonraítear i gcolún (3).

Folúntais ag staid ceaptha 9. Aon uair a fhágfaidh tacsáí a shuíomh ag Stad Ceaptha, tiocfaidh an tacsáí (más ann dó) is túisce in ord ag an Seastán Ceaptha ina ionad láithreach.

Forálacha ginearálta maidir le Staid Ceaptha 10. Bainfidh na forálacha seo a leanas le tacsaithe ag seasamh ar fruiliú ag stad ceaptha -

(a) Ní dhéanfaidh duine an fheithicil a ní, a athchóiriú ná a dheisiú, ach amháin cibé deisiúcháin is gá chun go bhféadfar í a aistriú ón áit staid cheaptha;

(b) Comhhlíonfaidh tiománaí an Tacsaithe aon ordacháin a thabharfaidh comhalta den Gharda Síochána nó maor tráchta nó duine údaráithe dó faoi alt 40(1) den Acht um Rialacháin Tacsaithe 2013 agus 2016 dó maidir le suíomh an Tacsaithe ag an áit staid cheaptha nó maidir lena thabhairt isteach san áit staid cheaptha nó é a bhaint as.

(c) ní dhéanfaidh duine aon torann nach bhfuil gá leis tríd an bhfeithicil ná an inneall ná le haon trealamh, feisteas nó ionstraimí atá ar an bhfeithicil nó a iompraítear ar an bhfeithicil ná aon challaire san fheithicil nó a bhaineann ar aon slí leis an bhfeithicil;

(d) Ní féidir le haon fheithicil seachas tacsáí páirceáil/seasamh ar fruiliú ag Stad Ceaptha.

Srian ginearálta ar tacsaithe atá ag seasamh ar fruiliú 11. Ní dhéanfaidh tiománaí Tacsáí an Tacsáí a chur ar cíós i mbaile na hUaimhe seachas ag áit seasaimh cheaptha a shonraítear i Sceideal 1 agus de réir na bhFodhlíthe seo.

Staid ceaptha eile 12. Féadfar úsáid staid cheaptha a chur ar fionraí go sealadach agus rogha eile a sholáthar le hordú feidhmiúcháin chun tógáil, forbairt nó cothabháil d'aon chuid den bhóthar (mar a shainmhítear in Acht na mBóithre, 1993 é) a éascú nó chun aon chríche eile a bhaineann le bainistiú tráchta. Ní fhéadfaidh tiománaí tacsáí a bhfuil a úsáid curtha ar fionraí go sealadach seasamh ar cíós ag stad ceaptha.

SCEIDEAL 1
STADANNA CEAPTHA BUANA

Uimhir thagartha (1)	Suíomh (2)	Limistéir an staid cheaptha (3)	Uasmhéid na bhfeithiclí (4)	Suíomh na bhfeithiclí ag an stad cheaptha (5)
NMD-01	Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh	Ar an taobh thuaidh den ród, idir pointe 155.5 méadar laistiar den acomhal le Sráid Gheata Bhaile Átha Troim agus pointe 226.0 méadar laistiar den acomhal le Sráid Gheata Bhaile Átha Troim. Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9021	12	Ina líne shingil ar an mbóthar isteach in aice leis an gcolbha, agus comhthreomhar léi agus ag féachaint soir.
NMD-02	Cearnóg an Mhargaidh, An Uaimh	Ar an taobh theas den ród, idir pointe 18.5 méadar lastoir den acomhal le Sráid Gheata Bhaile Átha Troim agus pointe 77.0 méadar lastoir den acomhal le Sráid Gheata Bhaile Átha Troim. Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9022	5	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomhar léi agus ag féachaint soir.

NMD-03	Ionad Siopadóireachta an Chaisleáin Duibh, An Uaimh	Ceantar sa chúinne thiar thuaidh den charrchlós thiar, agus os comhair Aonad uimh. 1 Ionaid Siopadóireachta an Chaisleáin Dhuibh. Síneann an limistéar amach thart ar 6.8 méadar san oirthuaisceart, agus 4.8 méadar san oirdheisceart. Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9023	2	Taobh le taobh, le tosach na feithicle ag féachaint soir ó thuaidh.
NMD-04	Cnoc Uí Bhrú	Ar an taobh theas den ród laistigh den bhá páirceála eangaithe atá marcáilte agus sínithe, in aice leis an líne cholbha atá ann cheana féin, díreach siar ón spás páirceála do dhaoine faoi mhíchumas eangaithe atá ann cheana féin, in aice le siopa Aldi. Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG902	3	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomhar léi agus ag féachaint siar ó dheas.

SCEIDEAL 2
STADANNA CEAPTHA AM-CHLÁRAITHE

Uimhir thagartha (1)	Suíomh (2)	Limistéir an staid cheaptha (3)	Uasmhéid na bhfeithiclí (4)	Suíomh na bhfeithiclí ag an stad ceaptha (5)
NT-01	Cearnóg an Mhargaidh, An Uaimh	Ar an taobh thuaidh den ród, idir pointe suite 69.0 méadar lastoir den acomhal le Bóthar Uí Chinnéide agus pointe suite 81.2 méadar lastoir den acomhal le Bóthar Uí Chinnéide. Lódáil Am-chláráithe / Limistéar Staid Tacsaithe Lódáil: 06:00 - 19:00 Tacsaithe: 19:00 - 06:00 Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9031	2	Ina líne shingil ar an mbóthar isteach in aice leis an gcolbha, agus comhthreomhar léi agus ag féachaint soir.
NT-02	Sráid Gheata Bhaile Átha Troim, An Uaimh	Ar an taobh theas den ród, idir pointe 12.0 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Kennedy agus pointe 23.1 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Uí Chinnéide.	2	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomhar léi agus ag féachaint soir.

		Lódáil Am-chláraithe / Limistéar Staid Tacsaithe Lódáil: 06:00 - 19:00 Tacsaithe: 19:00 - 06:00 Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9032		
NT-03	Sráid Gheata an Uisce, An Uaimh	Ar an taobh theas den ród, idir pointe 46.0 méadar lastoir den acomhal le Cearnóg an Mhargaidh agus pointe 60.2 méadar lastoir den acomhal le Cearnóg an Mhargaidh. Lódáil Am-chláraithe / Limistéar Staid Tacsaithe Lódáil: 06:00 - 19:00 Tacsaithe: 19:00 - 06:00 Déan tagairt le do thoil do na sonraí ar an líníocht TRA/08/06/03/02/99/DG9033	2	Ina líne shingil ar an mbóthar isteach in aice leis an gcolbha, agus comhthreomhar léi agus ag féachaint soir.

Shocraigh Comhaltaí Cheantar Bardasach na hUaimhe na Fodhlíthe seo a dhéanamh ag a gcruinniú ar an 13/10/2021.

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh COMHSHÉALA CHOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ air seo:

_____ **DÁTA:** _____

Cathaoirleach: _____

Dáta: _____

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: _____

Dáta: _____